Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2022
(OR. en)

7030/22

EF 74
ECOFIN 208
SUSTDEV 54
FSC 5
ENV 203
CLIMA 97
TRANS 134
ENER 84
ATO 14
AGRI 82
AGRIFIN 23
AGRIORG 24
DRS 13
CCG 14
DELACT 40

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 631 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.3.2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 631 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 631 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.3.2022
C(2022) 631 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.3.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### 1.1 Cúlra ginearálta agus cuspóir

Le Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an 'Rialachán maidir le Tacsanomaíocht')[1], bunaítear an creat chun Tacsanomaíocht an Aontais maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chruthú. Foráiltear sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht gur cheart do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún a chomhlíonadh.

Maidir leis an ngníomh tarmligthe lena sonraítear na critéir scagtha theicniúla faoina gcáilítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe mar chinn a rannchuidíonn go substaintiúil le maolú an athraithe aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus mar chinn nach ndéanann dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil ábhartha eile ('an Gníomh Tarmligthe Aeráide Tacsanomaíochta'), glacadh é an 4 Meitheamh 2021[2]. Thairis sin ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe an 6 Iúil 2021 lena sonraítear ábhar, modheolaíocht, agus cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh ag gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais araon a bhfuil ceangal orthu tuairisc a thabhairt maidir le hailíniú a ngníomhaíochtaí le Tacsanomaíocht an Aontais ('an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh Tacsanomaíochta')[3].

Leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe Comhlántach maidir le Tacsanomaíocht Aeráide critéir scagtha theicniúla i gcomhair gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena bhféadfaí rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide i bhformhór na n-earnálacha. Mar sin féin, níor cumhdaíodh gach earnáil agus gníomhaíocht ábhartha sa Ghníomh Tarmligthe sin. Níorbh fhéidir cinneadh a dhéanamh, go háirithe, i leith fuinneamh núicléach a chuimsiú sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide de bharr an gá atá ann an measúnú a dhoimhniú i leith gnéithe 'gan dochar suntasach a dhéanamh' ('an DNSH') i dtaobh fuinneamh núicléach, measúnú a bhí ar siúl ag an am[4]. A mhéid a bhaineann le gás nádúrtha, d'fhógair an Coimisiún go raibh gá le tuilleadh machnaimh maidir leis an gcaoi aghaidh a thabhairt ar ról an gháis i ndícharbónú gheilleagar an Aontais.

Agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú do mhaolú an athraithe aeráide, ba cheart don Choimisiún an próiseas idirthréimhseach leanúnach riachtanach i dtreo gheilleagar

[1] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4.6.2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6.7.2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shonrú, agus lena sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

[4] Maidir le céimeanna comhlántacha an mheasúnaithe, eadhon an tuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde, an t-athbhreithniú ag na saineolaithe faoi Airteagal 31 de Chonradh Euratom agus an t-athbhreithniú ag an gCoiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn (SCHEER), tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

aeráidneodrach i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur san áireamh agus dreasachtaí a chur ar fáil. Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 agus an 6 Iúil 2021[5], is é is cuspóir don Ghníomh Tarmligthe seo an Gníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide a chomhlánú. Leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe seo na critéir scagtha theicniúla maidir le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha breise sna hearnálacha fuinnimh nár cuimsíodh sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide, go háirithe sna hearnálacha gáis nádúrtha agus fuinnimh núicléach. A mhéid a bhaineann le cuspóir oiriúnaithe an athraithe aeráide, tá an Gníomh Tarmligthe seo comhsheasmhach le cur chuige an Ghnímh Tharmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide lena léirítear go mbeidh ar gach earnáil eacnamaíoch oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Dá bhrí sin, leagtar amach ann critéir scagtha theicniúla iomchuí chomhsheasmhacha maidir le hoiriúnú don athrú aeráide le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san earnáil gháis iontaise agus san earnáil fuinnimh núicléach. Mar sin féin, maidir le gníomhaíochtaí idirthréimhseacha sonracha i dtaobh gníomhaíochtaí gáis iontaise, a bhforáiltear aithint laistigh de theorainn ama ina leith sa Ghníomh Tarmligthe seo maidir le rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide, ní gá foráil a dhéanamh maidir le critéir scagtha theicniúla shonracha i leith oiriúnú don athrú aeráide i bhfianaise na haitheanta laistigh den teorainn ama sin. Ar mhaithe le soiléireacht, na critéir scagtha theicniúla maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide, ní chuireann siad bac ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a cháiliú mar ghníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn go substaintiúil le maolú an athraithe aeráide.

Thairis sin, chun trédhearcacht an mhargaidh agus faisnéis infheisteoirí a mhéadú, foráiltear leis an nGníomh Tarmligthe seo do ceanglais shonracha maidir le nochtadh le haghaidh earnálacha an gháis nádúrtha agus an fhuinnimh núicléach tríd an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a leasú.

Mar atá leagtha amach sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, is mó a cumhdaítear leis an Tacsanomaíocht ná infheistíochtaí aeráidneodracha agus in-athnuaite amháin. Cumhdaítear leis freisin gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar follasach nach bhfuil siad aeráidneodrach nó in-athnuaite ach a bhféadfaí, faoi choinníollacha dochta agus ar feadh tréimhse theoranta, an t-aistriú i dtreo córas fuinnimh inbhuanaithe a chumasú, amhail gníomhaíochtaí eacnamaíocha sna hearnálacha gáis nádúrtha agus fuinnimh núicléach. Níor cheart go gcuirfeadh siad isteach ar fhoinsí in-athnuaite a fhorbairt.

### 1.2 Cúlra dlíthiúil

Tá an Gníomh Tarmligthe seo bunaithe ar na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 8(4), Airteagal 10(3) agus Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Leis an nGníomh Tarmligthe seo leasaítear an Gníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide trí chritéir scagtha theicniúla a chur isteach le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe sna hearnálacha gáis nádúrtha agus fuinnimh núicléach ar gníomhaíochtaí iad nár cumhdaíodh sa Ghníomh Tarmligthe sin. Leagtar amach na critéir scagtha theicniúla i gcomhréir le ceanglais Airteagal 19 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Leis an nGníomh Tarmligthe

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tacsanomaíocht AE, Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, Tosaíochta Inbhuanaitheachta agus Dualgais Mhuiníneacha: Maoiniú a stiúradh i dtreo an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, An Bhruiséil, 21.4.2021, COM/2021/188 final; Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú, Strasbourg, 6.7.2021, COM/2021/390 final.

seo leasaítear an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht freisin trí fhoráil a dhéanamh maidir le ceanglais shonracha maidir le nochtadh sna hearnálacha gáis nádúrtha agus fuinnimh núicléach.

De réir Airteagal 31 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[6], comhcheanglaítear leis an Gníomh Tarmligthe seo dhá chumhachtú idirghaolmhara den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht i ngníomh amháin, eadhon iad siúd a leagtar síos in Airteagal 10(3) agus Airteagal 11(3), a bhaineann le critéir scagtha theicniúla maidir le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide faoi seach, agus cumhachtú an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht a leagtar síos in Airteagal 8(4) maidir le faisnéis atá le nochtadh ag gnóthais neamhairgeadais mhóra agus gnóthais airgeadais mhóra.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

A mhéid a bhaineann le gás nádúrtha, leis an nGníomh Tarmligthe seo déantar forbairt ar mholtaí an tSainghrúpa Theicniúil maidir le Maoiniú Inbhuanaithe (an 'TEG'), sainghrúpa de chuid an Choimisiúin atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara éagsúla ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí a bunaíodh in 2018. Is é a bhí i misean TEG cuidiú leis an gCoimisiún chun critéir scagtha theicniúla i leith Tacsanomaíocht an Aontais a fhorbairt i gcomhréir le moltaí reachtúla an Choimisiúin ó mhí na Bealtaine 2018 agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip á gcur san áireamh.

D'fhoilsigh TEG dhá leagan eatramhacha dá chuid moltaí i dtuarascálacha uaidh i mí na Nollag 2018 agus i mí an Mheithimh 2019. Bhí an dá thuarascáil faoi réir glao oscailte ar aiseolas, agus fuarthas 257 bhfreagairt agus 830 freagairt faoi seach. Le linn a shainordaithe, phléigh TEG le níos mó ná 200 saineolaí breise freisin chun moltaí a fhorbairt do na critéir scagtha theicniúla maidir le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide[7]. D'eagraigh an Coimisiún dhá chruinniú le páirtithe leasmhara freisin chun tuairimí a bhailiú maidir le tuarascálacha TEG i mí an Mheithimh 2019 agus i mí an Mhárta 2020.

Thairis sin, na critéir scagtha theicniúla maidir le gás nádúrtha, a cuireadh isteach sa Dréachtghníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide i dtosach, foilsíodh iad ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine idir an 20 Samhain 2020 agus an 18 Nollaig 2020, a thug 46, 591 geallsealbhóir freagra ina leith. Pléadh na critéir sin freisin le saineolaithe na mBallstát agus breathnóirí ó Pharlaimint na hEorpa, ag roinnt cruinnithe de chuid Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát um Maoiniú Inbhuanaithe in 2020 agus 2021.

A mhéid a bhaineann le fuinneamh núicléach, níor cuireadh gníomhaíochtaí fuinnimh núicléach sa áireamh i moltaí TEG. Cé gur aithin TEG go bhfuil ardacmhainneacht ag fuinneamh a ghintear ó fhuinneamh núicléach chun rannchuidiú go substaintiúil le maolú an athraithe aeráide, ní rabhthas in ann teacht ar chonclúid dhaingean maidir le cé acu an ndéanann nó nach ndéanann fuinneamh núicléach dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil eile, go háirithe agus bainistiú dramhaíola, tionchar ar bhithéagsúlacht agus uisce chomh maith le gnéithe truailliúcháin féideartha á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, mhol TEG gur cheart measúnú níos mionsonraithe maidir le fuinneamh núicléach a dhéanamh, lena n-áireofaí saineolaithe le hardleibhéal saineolais ábhartha.

[6] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

[7] Grúpa Saineolaithe an Aontais maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, Geilleagar Eorpach Inbhuanaithe a Mhaoiniú – Tuarascáil Theicniúil– Tacsanomaíocht: An Tuarascáil Chríochnaitheach ón nGrúpa Saineolaithe maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, mí an Mhárta 2020.

Dá bhrí sin bhunaigh an Coimisiún próiseas sonrach le haghaidh measúnaithe mionsonraithe maidir le gnéithe DNSH i leith fuinneamh núicléach. Ar an gcéad dul síos, d'ullmhaigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde ('JRC'), seirbhís eolaíochta agus eolais an Choimisiúin Eorpaigh, measúnú teicniúil ar fhuinneamh núicléach faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus critéir DNSH.

Ba é conclúid tuarascáil JRC mar a leanas:

(i) féadfaidh fuinneamh núicléach rannchuidiú go substaintiúil le cuspóir maolaithe an athraithe aeráide agus ní dhéanfaidh sé dochar suntasach do na ceithre chuspóir comhshaoil eile de chuid an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht dá bhrí sin, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sé na critéir scagtha theicniúla atá beartaithe;

(ii) féadfar stórais gheografacha dhoimhne a mheas – ar bhonn eolas an lae inniu – mar mhodh iomchuí agus sábháilte chun breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil eile a aonrú ón mbithsféar ar feadh scálaí ama an-fhada agus tá na teicneolaíochtaí riachtanacha ar fáil anois;

(iii) I gcás ina bhféadfaidh na tionchair comhshaoil dochar a dhéanamh agus nuair a bheidh siad amhlaidh, is féidir bearta iomchuí chun na tionchair a chosc nó chun na hiarmhairtí a mhaolú a chur chun feidhme trí theicneolaíocht atá ann faoi láthair a úsáid; agus

(iv) tugtar muinín leordhóthanach le comhlíontacht fhorálacha reachtaíocht Euratom agus próiseas ceadúnaithe go bhfanann tionchar thimthriall an fhuinnimh núicléach, lena n-áirítear deireadh an timthrialla breosla núicléach, ar an gcine daonna agus ar an gcomhshaol faoi bhun leibhéil dhíobhálacha.

Rinne saineolaithe na mBallstát maidir le cosaint ar an radaíocht agus bainistiú dramhaíola arna gceapadh ag an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil faoi Airteagal 31 de Chonradh Euratom, chomh maith le saineolaithe ón gCoiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte, Comhshaoil agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn ('SCHEER') an tuarascáil sin a bhreithniú.

Tugann tuairim an Ghrúpa Saineolaithe dá dtagraítear faoi Airteagal 31 de Chonradh Euratom measúnú dearfach maidir le tuarascáil JRC[8]. Aontaíonn na saineolaithe le príomhthorthaí na tuarascála, le linn dóibh líon beag barúlacha maidir le feabhsuithe féideartha a sholáthar. Mar shampla, dar leo, an creat dlíthiúil Eorpach atá ann faoi láthair, cuireann sé córas leordhóthanach ar fáil chun an leibhéal cosanta is airde a áirithiú d'oibrithe, don phobal agus don chomhshaol san Aontas. Maidir le gníomhaíochtaí lasmuigh den Aontas, feictear dóibh go bhfuil leibhéal inchomparáide cosanta á sholáthar ag caighdeáin idirnáisiúnta agus tugann siad dá n-aire gur cheart comhlíontacht leis na caighdeáin sin a chur san áireamh sna critéir scagtha theicniúla maidir le gníomhaíochtaí den sórt sin. Thairis sin, dheimhnigh an Grúpa Saineolaithe tuairim JRC go meastar stórais gheografacha dhoimhne, ar bhonn eolas an lae inniu, mar réiteach iomchuí agus sábháilte chun dramhaíl ardleibhéil a bhainistiú, agus thug siad dá n-aire go bhfuil an teicneolaíocht chun déanamh amhlaidh ar fáil sa lá atá inniu ann cheana. Dheimhnigh an Grúpa Saineolaithe freisin maidir leis an measúnú a rinne JRC ar iarmhairtí timpistí tromchúiseacha, áfach, go raibh sé teoranta i dtaca lena raon feidhme. Thug

8 I dtuairim easaontach (ó 32 shaineolaí as na 27 mBallstát) a bhí i gceangal leis an tuarascáil, luadh gur fágadh rioscaí ríthábhachtacha áirithe ar lár agus nach ndearnadh iad a mheas i gcroílár thuarascáil JRC, amhail leathadh núicléach agus timpistí lena mbaineann dóchúlacht íseal ach ardtionchar atá níos géire maidir le gníomhaíochtaí núicléacha ná maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh eile a chumhdaítear leis an Tacsanomaíocht. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt dá aire nach raibh measúnú ar na saincheisteanna sin san áireamh i raon feidhme na hoibre a shonraítear sna Téarmaí Tagartha arna sholáthar do JRC, ós rud é go raibh an creat measúnaithe bunaithe ar an bpróiseas a úsáideann TEG.

an Grúpa Saineolaithe dá n-aire nach ndearna measúnú ar thionchair dhíreacha nó neamhdhíreacha a bhíonn ag timpistí tromchúiseacha, ar tionchair iad nach ndearna JRC anailís orthu sa cháil sin, maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar bith faoi Thacsanomaíocht an Aontais. Féadfaidh measúnú den sórt sin a bheith tábhachtach freisin maidir le tionchair níos leithne timpistí tromchúiseacha ach d'fhéadfadh sé a bheith níos deacra a mheasúnú.

Is é tuairim shaineolaithe SCHEER go bhfuil torthaí agus moltaí tuarascáil JRC i leith tionchair neamhraideolaíocha cuimsitheach ar an iomlán. Mar sin féin, i dtuairimí na saineolaithe, teastaíonn tuilleadh measúnaithe agus fianaise ó chuid de na torthaí. I dtaca le comparáid a dhéanamh idir cumhacht núicléach agus teicneolaíochtaí ginte fuinnimh eile, measann siad, go háirithe, nach ionann 'gan tuilleadh dochair a dhéanamh' agus measúnú a dhéanamh ar 'gan dochar suntasach a dhéanamh'(DNSH) faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Thairis sin léirigh SCHEER tuairim nach leor ann féin an creat rialála a bheith ann chun gach riosca ábhartha a mhaolú agus mhol siad go ndéanfar anailísí níos doimhne ar ghnéithe áirithe, go háirithe tionchar na mianadóireachta agus na muilleoireachta (a dhéantar lasmuigh den Aontas den chuid is mó):

– na héiginnteachtaí maidir le diúscairt deiridh dramhaíola radaighníomhaigh ardleibhéil ar ceist taighde oscailte í go fóill; agus
– tionchar na radaíochta ar an gcomhshaol, go háirithe maidir le huisce agus acmhainní muirí a chosaint.

Le linn don Choimisiún na critéir scagtha theicniúla maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach a bhunú, chuir sé barúlacha SCHEER san áireamh go cuí agus thug sé aghaidh orthu. Go háirithe, níor cuireadh na gníomhaíochtaí mianadóireachta agus muilleoireachta sa Ghníomh Tarmligthe seo agus thug na critéir scagtha theicniúla aghaidh ar na barúlacha eile.

A mhéid a bhaineann le próiseas glactha an Ghnímh Tharmligthe seo, cinneadh nach raibh measúnú tionchair riachtanach le haghaidh gníomhaíochtaí fuinnimh gáis nádúrtha, i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

– cuirfidh an Gníomh Tarmligthe seo roghanna beartais a rinneadh cheana chun feidhme agus ní dhéanfaidh sé ach an Gníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide a chomhlánú;
– Bhí an Gníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide bunaithe ar chomhairle a bhfuarthas ó TEG agus ón Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe agus bhí measúnú tionchair comhréireach ag gabháil leis;
– bhí na critéir maidir le formhór na ngníomhaíochtaí atá beartaithe le bheith san áireamh sa Ghníomh Tarmligthe seo faoi réir mheasúnú tionchair agus comhairliúchán poiblí cheana mar chuid d'ullmhúchán an Ghnímh Tharmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide.

Maidir le gníomhaíochtaí fuinnimh núicléach, cinneadh nach raibh gá le measúnú tionchair ós rud é go ndearnadh measúnú teicniúil mionsonraithe mar a shonraítear thuas.

Bhí na saincheisteanna teicniúla agus beartais ábhartha maidir le gás nádúrtha agus fuinneamh núicléach san fhearann poiblí, dá bhrí sin, i gcaitheamh an phlé reachtaigh ar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, obair TEG, agus bailchríochnú an Ghnímh Tharmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide. Rinneadh iad a phlé roinnt uaireanta freisin leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa. Chuir geallsealbhóirí aiseolas cuimsitheach faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na gníomhaíochtaí sin, bunaithe ar na roghanna a pléadh i dtaobh an Ghnímh

Tharmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide le haghaidh gníomhaíochtaí gáis, agus bunaithe ar thuarascáil JRC agus athbhreithnithe an choiste saineolaithe maidir le gníomhaíochtaí núicléacha. Ba dhócha go n-imreofaí tionchar ar na margaí de dheasca nochtadh roimh ré leis an bpobal de dhréachtghníomh tarmligthe.

Ní raibh gá le tuilleadh comhairliúcháin oscailte, dá bhrí sin, chun an Gníomh Tarmligthe seo a ullmhú.

Chuathas i gcomhairle leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe ('an tArdán') agus Grúpa Saineolaithe na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 10(4) agus Airteagal 11(4) agus, faoi seach, Airteagal 23(4) agus Airteagal 24(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Tugadh dá aire le haiseolas an Ardáin roinnt easnamh agus neamhréireachtaí a meastar a bheith sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Anuas air sin, ceistíonn sé cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na critéir i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 10(2), Airteagail 17 agus 19 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Léirítear tosaíocht chun na gníomhaíochtaí a áireamh i gcatagóir feidhmíochta comhshaoil 'idirmheánach' féideartha amach anseo, de bhun na hoibre atá á déanamh san Ardán. Thug an tArdán dá aire sraith ábhar imní i dtaca le cur chuige cuid de na critéir atá dírithe ar an todhchaí, agus éiginnteachtaí le haghaidh úsáideoirí an mhargaidh airgeadais chun comhlíontacht oibreoirí leis na critéir a fhionnadh. Baineann moltaí an Ardáin le ceanglais maidir le nochtadh agus ceanglais maidir le fíorú a shoiléiriú i dtaobh gníomhaíochtaí sa Ghníomh Tarmligthe.

Thug an t-aiseolas dearbhú maidir le seasaimh éagsúla nach raibh ag cur le chéile, seasaimh a raibh eolas leitheadach orthu cheana. Thug an Coimisiún dá aire an cáineadh a rinne an tArdán agus cuid de na Ballstáit i gcomhthéacs chomhairliúchán Sainghrúpa na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, comhairliúcháin a thug le fios nach mbeidh an Dréachtghníomh Tarmligthe i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, maidir le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide agus an ceanglas gan dochar suntasach a dhéanamh do na cuspóirí comhshaoil eile araon. Diúltaíonn an Coimisiún glacadh leis an gcáineadh sin a mhéid is cosúil go bhfuil sé bunaithe ar an toimhde, ar toimhde é atá in aghaidh chuspóir Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, nach féidir ach na critéir scagtha theicniúla lena n-áirítear an rannchuidiú is substaintiúla le cuspóir maolaithe an athraithe aeráide agus nach ndéanann dochar, nó ar a laghad a dhéanann an dochar is lú do na cuspóirí comhshaoil eile, a áireamh sa Ghníomh Tarmligthe. Faoi Airteagail 10(2) agus (3) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ní mór don Choimisiún na critéir scagtha theicniúla a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach féidir a ionadú go fóill le roghanna malartacha ísealcharbóin atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de agus a bheadh riachtanach san aistriú i dtreo na haeráidneodrachta. Diúltaíonn an Coimisiún freisin glacadh leis an gcáineadh a thug na Ballstáit eile a chuir in aghaidh cáiliú gníomhaíochtaí fuinnimh núicléach faoi Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus a rinne agóid gur cheart iad a cháiliú faoi Airteagal 10(1) de. Maidir le gineadh, tarchur, stóráil, dáileadh nó úsáid fuinnimh, tá sé teoranta, in Airteagal 10(1), pointe (a), den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, d'fhuinneamh in-athnuaite i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/11, agus ní thagann gníomhaíochtaí fuinnimh núicléach faoi na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a liostaítear i bpointí (b) go (i) den fhoráil sin. Tugadh isteach coigeartuithe spriocdhírithe maidir leis na critéir scagtha theicniúla agus na ceanglais maidir le nochtadh agus na ceanglais maidir le fíorú chun láidriú mór a dhéanamh ar a shoiléire agus a inúsáidte atá siad. Is fiú a thabhairt chun cuimhne nach bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe nach gcáilítear faoi Thacsanomaíocht an Aontais díobhálach de réir sainmhínithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar foráil maidir le cumhachtaí breise chun gnímh tharmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 8(4), Airteagal 10(3) agus Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Le hAirteagal 1 leagtar síos na leasuithe ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide.

Le hAirteagal 2 leagtar síos na leasuithe ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Sonraítear in Airteagal 3 na dátaí theacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Ghnímh Tharmligthe.

Le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo leagtar síos na leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide.

Le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin leagtar síos na leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

Le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo cuirtear isteach Iarscríbhinn XII nua a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.3.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088[9], agus go háirithe Airteagal 8(4), Airteagal 10(3) agus Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún[10], cumhdaítear roinnt earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil an acmhainneacht acu chun rannchuidiú le maolú an athraithe aeráide de chuid an Aontais agus cuspóirí oiriúnaithe an athraithe aeráide. Roghnaíodh na hearnálacha eacnamaíocha agus na gníomhaíochta eacnamaíocha sin de thoradh a scair de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána, agus an acmhainneacht chruthaithe atá acu chun táirgeadh gás ceaptha teasa a sheachaint, na hastaíochtaí sin a laghdú, nó na hastaíochtaí sin a bhaint. Ina theannta sin, tá acmhainneacht chruthaithe sna hearnálacha agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin chun seachaint, laghdú agus baint den sórt sin a chumasú le haghaidh na n-earnálacha agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, nó chun stóráil fhadtéarmach astaíochtaí den sórt sin a áirithiú le haghaidh na n-earnálacha agus na ngníomhaíochtaí eile.

(2) Is í úsáid iomlán an fhuinnimh is cúis le thart ar 75 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Tá ról ríthábhachtach ag earnáil an fhuinnimh, dá bhrí sin, maidir le leanúint de bheith ag laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, dá bhrí sin, cumhdaítear raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le slabhra an tsoláthair fuinnimh, ó ghiniúint leictreachais nó teasa ó fhoinsí éagsúla, trí líonraí tarchurtha agus dáilte go stóráil, chomh maith le teaschaidéil agus monarú bithgháis agus bithbhreoslaí. Mar sin féin, níl critéir scagtha theicniúla i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha an

[9] IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.

[10] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

gháis iontaise agus an fhuinnimh núicléach, d’ainneoin a n-acmhainneacht rannchuidiú le dícharbónú gheilleagar an Aontais.

(3) Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 (‘Tacsanomaíocht AE, Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, Tosaíochtaí Inbhuanaitheachta agus Dualgais Mhuiníneacha: Maoiniú a stiúradh i dtreo Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip’) agus sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 (‘Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú’), cuireadh bunú critéar scagtha teicniúil maidir le gineadh fuinnimh ó ghás iontaise siar i bhfianaise an ghá atá ann maidir le measúnú teicniúil breise, go háirithe maidir le ról idirthréimhseach an gháis iontaise i ndícharbónú an gheilleagair[11]. Cuireadh bunú critéar scagtha teicniúil maidir le gníomhaíochtaí ginte fuinnimh núicléach ar athló go dtí go mbeidh measúnú saineolais mionsonraithe, a seoladh in 2020, maidir le cibé acu an féidir an saolré núicléach, go háirithe dramhaíl núicléach, a mheas mar chomhoiriúnach leis an gceanglas, a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, nach féidir le gníomhaíocht dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí comhshaoil eile. I bhfianaise na measúnuithe sin, ní mór a aithint gur féidir leis na gníomhaíochtaí ginte gáis nádúrtha agus fuinnimh núicléach rannchuidiú le dícharbónú gheilleagar an Aontais.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha idirthréimhseacha, ní mór critéir scagtha theicniúla a leagan síos maidir le gineadh leictreachais, comhghiniúint ardéifeachtúil cumhachta agus teasa/fuaraithe, agus táirgeadh teasa/fuaraithe i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtacha ó ghás iontaise, i gcás ina mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghás iontaise faoi bhun tairseach iomchuí. Ina theannta sin, bhí gá le critéir scagtha theicniúla a leagan síos maidir le húsáid gáis iontaise i nginiúint leictreachais, comhghiniúint ardéifeachtúil cumhachta agus teasa/fuaraithe, agus táirgeadh teasa/fuaraithe i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtacha, i gcás nach gcomhlíonann an ghiniúint leictreachais, comhghiniúint cumhachta agus teasa/fuaraithe, agus táirgeadh teasa/fuaraithe i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtacha leis an tairseach iomchuí sin go fóill, ós rud é, chomh maith le húsáid fuinnimh atá aeráidneodrach agus tuilleadh infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí agus in earnálacha eacnamaíocha atá ísealcharbóin cheana, go bhfuil laghduithe substaintiúla in astaíochtaí gás ceaptha teasa ag teastáil ón aistriú i ngníomhaíochtaí agus earnálacha eacnamaíocha eile nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar bith atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de. Na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin go léir atá ar fáil, ba cheart iad a cháiliú mar ghníomhaíochtaí idirthréimhseacha faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh roghanna malartacha ísealcharbóin atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ar fáil ó thaobh tráchtála de ar scála leordhóthanach chun an t-éileamh fuinnimh a chumhdach ar mhodh leanúnach iontaofa. Maidir le giniúint leictreachais, go háirithe, tá sé iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur chuige malartach maidir leis na hastaíochta gás ceaptha teasa a

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tacsanomaíocht AE, Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, Tosaíochta Inbhuanaitheachta agus Dualgais Mhuiníneacha: Maoiniú a stiúradh i dtreo an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (COM/2021/188 final) agus Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú, (COM/2021/390 final).

theorannú. Faoin gcur chuige malartach sin, ar cur chuige é ar cheart go dtabharfadh sé torthaí comhchosúla thar thréimhse 20 bliain, féadfaidh saoráidí na torthaí sin a bhaint amach tríd an líon uaireanta oibríochta a theorannú nó tríd an aistriú i dtreo gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin a thabhairt chun tosaigh chuig dáta níos luaithe. Ba cheart do na critéir scagtha theicniúla céimniú amach luathaithe a éascú ó fhoinsí fuinnimh atá dian ó thaobh na n-astaíochtaí de, lena n-áirítear breoslaí iontaise sholadacha. Thairis sin, chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2020/852 a chomhlíonadh, ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla maidir le húsáid gáis iontaise go bhfuil fianaise láidir ar fáil chun a léiriú nach bhféadfaí an acmhainneacht fuinnimh chéanna a ghiniúint le foinsí in-athnuaite, agus go mbeadh pleananna éifeachtacha curtha ar bun le haghaidh gach saoráide, i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht is fearr san earnáil, chun an t-aistriú iomlán chuig gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin a dhéanamh faoi dháta sonrach. Ar deireadh, ba cheart do na critéir scagtha theicniúla foráil a dhéanamh maidir le haithint laistigh de theorainn ama i leith rannchuidiú na ngníomhaíochtaí sin maidir le dícharbónú.

(5) Beidh ról ríthábhachtach á imirt ag athnuaiteáin chun spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór infheistíochtaí maidir le hathnuaiteáin a mhéadú chun freastal ar riachtanais mhargadh an fhuinnimh de chuid an Aontais maidir le níos mó fuinnimh atá in-athnuaite agus glan.

(6) Is gníomhaíochtaí ísealcharbóin gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach, ní bhunaíonn siad fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainítear in Airteagal 2, an dara fomhír, pointe (1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], agus dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2020/852 agus ní thagann siad faoi chatagóirí eile gníomhaíochtaí eacnamaíocha a liostaítear i bpointe (b) go (i) den fhoráil sin. Ba cheart na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a bhaineann le fuinneamh núicléach a cháiliú faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852, in éagmais roghanna malartacha ísealcharbóin atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ar scála leordhóthanach chun an t-éileamh fuinnimh a chumhdach ar modh leanúnach iontaofa. Thairis sin, sa Tuarascáil Chríochnaitheach ó Shainghrúpa Teicniúil an Aontais um Maoiniú Inbhuanaithe ó mhí an Mhárta 2020[13], luadh 'go bhfuil giniúint fuinnimh núicléach nach mór neodrach ó thabhairt na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcéim na giniúna fuinnimh' agus 'go raibh fianaise maidir le rannchuidiú substaintiúil féideartha an fhuinnimh núicléach le cuspóirí maolaithe an athraithe aeráide cuimsitheach agus soiléir'. Ina theannta sin, i roinnt pleananna de chuid na mBallstát, áirítear fuinneamh núicléach mar aon le fuinneamh in-athnuaite sna foinsí fuinnimh atá le húsáid chun spriocanna aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear cuspóir dícharbónaithe 2050 a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. Ar deireadh, trí bhonnualach sholáthar fuinnimh seasmhach a chur ar

---

[12] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

[13] Tá tuarascáil TEG ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/business_economy_euro/banking_and_finance/documents/200309-sustainable-finance-teg-final-report-taxonomy_en.pdf

[14] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1)

fáil, éascaíonn fuinneamh núicléach foinsí in-athnuaite eadrannacha a úsáid agus ní chuireann sé isteach ar a bhforbairt, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2020/852. Ba cheart gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach a mheas mar ghníomhaíochtaí lena gcomhlíontar Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 dá bhrí sin.

(7) Ba é conclúid an athbhreithnithe eolaíoch arna dhéanamh ag saineolaithe[15] gur cheart go n-áiritheofaí le critéir scagtha theicniúla maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach nach ndéanfaí aon dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil eile de dheasca na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh teacht as stóráil fhadtéarmach agus diúscairt deiridh dramhaíola núicléiche. Ba cheart go léireofaí na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht núicléach, cosaint ar radaíocht agus bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí sna critéir scagtha theicniúla sin, dá bhrí sin, lena dtógtar ar cheanglais a leagtar síos sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom') agus i reachtaíocht a ghlactar faoin gConradh sin, agus go háirithe i dTreoir 2009/71/Euratom ón gComhairle[16]. Tá cuspóir sábháilteachta núicléach ardleibhéil sa Treoir sin lena gcumhdaítear gach staid de shaolré gach gléasra núicléach, lena n-áirítear lonnú, dearadh, tógáil, coimisiúnú, oibriú agus díchoimisiúnú na ngléasraí sin. Go sonrach, sa Treoir sin éilítear feabhsuithe móra sábháilteachta maidir le dearadh imoibreoirí nua, lena n-áirítear imoibreoirí dá ngairtear Glúin III +, ar cheart eolas agus teicneolaíocht úrscothach a úsáid ina leith, agus na ceanglais idirnáisiúnta sábháilteachta is déanaí á gcur san áireamh. Déantar foráil sna ceanglais sin maidir le cur chun feidhme éifeachtach an chuspóra sábháilteachta núicléach, lena n-áirítear prionsabal na domhainchosanta agus cultúr sábháilteachta éifeachtach a chur chun feidhme. Leis na ceanglais sin áirithítear go mbeidh tionchar guaiseacha fíordhona de dhéanamh an duine agus nádúrtha, lena n-áirítear creathanna talún agus tuilte, íoslaghdaithe agus go ndéantar timpistí, oibríochtaí neamhghnácha agus teipeanna nó caillteanas córas rialaithe a chosc, *inter alia* le déanmhais chosanta nó córais soláthair fuaraithe agus leictreachais chúltaca.

(8) Tá breosla timpiste-fhulangach maidir le gléasraí cumhachta núicléiche a thugann cosaint bhreise i gcoinne timpistí ar timpistí iad a eascraíonn as damáistí struchtúrtha ar bhreosla nó ar chomhpháirteanna imoibrithe tagtha chun a bheith ar fáil ar an margadh. Chun na forbairtí teicneolaíocha nua sin a chur san áireamh, ba cheart úsáid an chineáil bhreosla sin a leagan amach mar cheanglas sna critéir scagtha theicniúla, agus a cheadúnú laistigh den Aontas á chur san áireamh.

(9) Ar fud an domhain, tá iarrachtaí taighde agus forbartha á ndéanamh chun teicneolaíochtaí imoibreora núicléacha nua a fhorbairt lena n-úsáidtear, i measc nithe eile, timthriallta breosla iata nó coincheapa féinphóraithe breosla agus lena laghdaítear táirgeadh dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil ('imoibreoirí Glúin IV'). Cé nach bhfuil na himoibritheoirí Glúin IV sin inmharthana ó thaobh tráchtála de go fóill, ba cheart critéir scagtha theicniúla a leagan síos le haghaidh imoibritheoirí den sórt i

---

15 Tuarascáil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde: Tá an measúnú teicniúil maidir le fuinneamh núicléach i leith na gcritéar 'gan aon dochar suntasach a dhéanamh' de Rialachán (AE) 2020/852 ('Rialachán maidir le Tacsanomaíocht') ar fáil ag: https://ec.europa.eu/info/file/210329-jrc-report-nuclear-energy-assessment_en

16 Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18)

bhfianaise na hacmhainneachta féideartha atá acu maidir leis an gcuspóir dícharbónaithe agus íoslaghdú dramhaíola radaighníomhaí.

(10) Cuid d'fhoinsí fuinnimh roinnt de na Ballstáit amach anseo ia ea fuinneamh núicléach, mar chuid dá n-iarrachtaí dícharbónaithe. Mar thoradh ar na cásanna a ndearna an Coimisiún measúnú orthu, tá córas fuinnimh dícharbónaithe bunaithe ar athnuaiteáin den chuid is mó agus bunaithe ar fhuinneamh núicléach le toilleadh suiteáilte seasmhach i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair. De réir mar atá na gléasraí núicléacha atá ann faoi láthair á saothrú, tá uasghráduithe sábháilteachta ag teastáil uathu chun an saolré oibríochtúil a leathnú chomh maith le gléasraí núicléacha nuathógtha chun gléasraí atá imithe i léig a ionadú. Is próiseas leanúnach é seo agus ba cheart go n-áiritheodh sé infhaighteacht na hacmhainneachta atá ag teastáil le haghaidh dícharbónú an chórais fuinnimh faoi 2050 agus tar éis an dáta sin de réir mar is gá. Dá réir sin, beidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha san fhuinneamh núicléach ar feadh na tréimhse go dtí 2050 agus ina dhiaidh sin. Ní mór a áirithiú go n-úsáideann gléasraí cumhachta núicléiche nua na réitigh is forbartha a eascraíonn as dul chun cinn teicneolaíoch. Maidir leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche nua den sórt sin, ba cheart go ndéanfadh siad foráil dá bhrí sin maidir le hathbhreithnithe rialta ar gach tionscadal infheistíochta, agus foráil maidir le paraiméadair theicniúla a chomhfhreagraíonn don teicneolaíocht is fearr atá ar fáil i bhfianaise na dtorthaí maidir le hiarrachtaí taighde agus forbartha leanúnacha agus maidir le feabhsuithe leanúnacha teicneolaíochtaí. Ba cheart dátaí sonracha a shainiú chun tabhairt isteach teicneolaíochtaí nua a áirithiú, ar teicneolaíochtaí iad a bheadh comhoiriúnach le dícharbónú inbhuanaithe a luaithe a bheidís ar fáil.

(11) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Conradh Euratom agus Rialachán (Euratom) Uimh. 2587/1999 ón gComhairle[17] bunaítear tairsí agus ceanglais eile maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh infheistíochtaí san fhuinneamh núicléach. Chun go n-áiritheofar go léireofar an meas is mó do phrionsabail agus ceanglais reachtaíocht Euratom, d'fhonn spriocanna na tacsanomaíochta a bhaint amach, lena n-áirítear cuspóir sábháilteachta núicléach ar bith, ba cheart infheistíochtaí den sórt a bheith faoi réir tuairim ón gCoimisiún, gan beann ar cibé acu an éilítear fógra ar bith le hIarscríbhinn II a ghabhann le Conradh Euratom agus Rialachán (Euratom) Uimh. 2587/1999. Ar an gcúis chéanna, ba cheart aghaidh a thabhairt go sásúil ar gach saincheist a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 agus ar na critéir scagtha theicniúla arna n-aithint ag an gCoimisiún ina thuairim.

(12) I bhfianaise na n-agaí fada tionscanta le haghaidh infheistíochtaí i dtoilleadh giniúna núicléiche nua, féadfar tacú le dícharbónú an chórais fuinnimh go gearrthéarmach agus go meántéarmach trí chreat ama gléasraí núicléacha áirithe atá ann faoi láthair a shíniú. Ba cheart go n-éileofaí modhnuithe agus uasghráduithe sábháilteachta leis na critéir scagtha theicniúla maidir le sínte den sórt, áfach, chun a áirithiú go gcomhlíonann na gléasraí núicléacha sin na caighdeáin sábháilteachta is fearr is féidir a bhaint amach agus le gach ceanglas oibiachtúil sábháilteachta a leagtar síos i reachtaíocht arna glacadh faoi Chonradh Euratom.

[17] Rialachán (Euratom) Uimh. 2587/1999 ón gComhairle an 2 Nollaig 1999 lena sainítear na tionscadail infheistíochta atá le bheith curtha in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 41 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 315, 9.12.1999, lch. 1).

(13) I bhfianaise forbairtí teicneolaíocha agus eolaíocha ionchasacha, maidir le hinfheistíochtaí i dtógáil agus oibriú sábháilte gléasraí núicléacha nua lena n-úsáidtear na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil agus arna gceadú faoi dháta iomchuí ag údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart go mbeadh na hinfheistíochtaí sin faoi réir critéir scagtha theicniúla agus teorainneacha ama lena spreagfaí forbairt agus úsáid thodhchaíoch imoibritheoirí Glúin IV le timthriallta breosla iata nó coincheapa féinphóraithe breosla a luaithe a bheadh siad ar fáil. Ba cheart na teorainneacha ama sin a athbhreithniú go hiomchuí i bhfianaise dul chun cinn maidir le forbairt na dteicneolaíochtaí sin.

(14) Ba cheart go n-áiritheofaí nach ndéanfadh gníomhaíochtaí eacnamaíocha dochar suntasach do cheann ar bith de na cuspóirí comhshaoil eile leis na critéir scagtha theicniúla a bhaineann le cuspóirí maolaithe an athraithe aeráide nó cuspóirí oiriúnaithe don athrú aeráide. Go sonrach maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach, ní mór a áirithiú nach ndéanfaidh diúscairt dramhaíola fhadtéarmach dochar suntasach agus fadtéarmach don chomhshaol, dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (d)(iii), de Rialachán (AE) 2020/852. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais shonracha a leagan amach sna critéir scagtha theicniúla maidir le ciste bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus ciste díchoimisiúnaithe núicléach, ar cistí iad is féidir a chomhcheangal, i gcomhréir leis an bprionsabal gur cheart go mbeadh táirgeoirí dramhaíola freagrach as an gcostas an dramhaíl a bhainistiú, agus chun saoráidí oibríochtúla maidir le diúscairt deiridh a éileamh le haghaidh na dramhaíola radaighníomhaí go léir, rud lenar cheart cosc a chur ar dhramhaíl radaighníomhach a onnmhairiú le haghaidh diúscartha i dtríú tíortha. I roinnt de na Ballstáit, tá dramhaíl radaighníomhach ar leibhéal íseal agus idirmheánach á diúscairt faoi láthair i saoráidí diúscartha atá gar don dromchla cheana, agus tá taithí agus fios á mbailiú maidir le bainistiú dramhaíola le linn na mblianta fada de bheith ag oibriú na saoráidí diúscartha sin atá gar don dromchla. Maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil agus breosla spíonta, is réiteach úrscothach é an diúscairt domhain gheolaíoch a bhfuil glacadh forleathan leis i bpobal na saineolaithe ar fud an domhain mar an rogha is sábháilte agus is inbhuanaithe mar phointe deiridh chun dramhaíl ardleibhéil agus breosla spíonta a mheastar gur dramhaíl é a bhainistiú. Ba cheart do na Ballstáit, le linn dóibh an fhreagracht a choinneáil maidir lena mbeartais i leith a mbreosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach ar leibhéal íseal agus idirmheánach nó ardleibhéil a bhainistiú, pleanáil agus cur chun feidhme roghanna diúscartha ina mbeartais náisiúnta a áireamh, go háirithe faoin gclár náisiúnta maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, lena gcumhdaítear gach cineál breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach agus gach céim de bhreosla spíonta agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí ón nginiúint go dtí an diúscairt. Sonraítear ábhar na gclár náisiúnta i dTreoir 2011/70/Euratom ón gComhairle[18] agus áirítear ann eochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán trédhearcach a dhéanamh ar dhul chun cinn. Ní mór do na Ballstáit tuairisciú rialta a dhéanamh leis an gCoimisiún maidir le dul chun cinn chur chun feidhme na gclár náisiúnta. Léirítear i dtuairiscí ó na Ballstáit in 2021 go ndearnadh dul chun cinn mór maidir le cur i gcrích na chéad saoráidí diúscartha geolaíocha doimhne i gcríoch an Aontais. Tá réitigh réalaíocha á chur ar fáil do na Ballstáit chun saoráidí den sórt a fhorbairt agus a oibriú faoi 2050. Dá bhrí

[18] Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48).

sin, áirítear le cuimsiú an cheanglais chomhfhreagraigh sna critéir scagtha theicniúla nach ndéantar dochar suntasach don chomhshaol.

(15) Is gá do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais ardleibhéal trédhearcachta a chur ar fáil d'infheisteoirí maidir lena n-infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí giniúna gáis iontaise agus giniúna fuinnimh núicléach ar cheart critéir scagtha theicniúla a leagan síos ina leith. Chun foráil a dhéanamh maidir leis an trédhearcacht sin, ba cheart ceanglais shonracha maidir le nochtadh a leagan síos do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais. Chun inchomparáideacht maidir leis an fhaisnéis a nochtar le hinfheisteoirí a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis sin a chur i láthair i bhfoirm teimpléid lena léirítear go soiléir an sciar de ghníomhaíochtaí gáis iontaise agus fuinnimh núicléach san ainmneoir agus, i gcás inarb iomchuí, uimhreoir eochairtháscairí feidhmíochta na ngnóthas sin. D'fhonn ardleibhéal trédhearcachta a thabhairt d'infheisteoirí i dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5 agus 6 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le neamhchosaintí ar ghás iontaise agus ar ghníomhaíochtaí fuinnimh núicléach, a bhfuil critéir scagtha theicniúla leagtha síos ina leith, leasóidh an Coimisiún nó breithneoidh sé leasú a dhéanamh ar an gcreat maidir le nochtadh a bhaineann leis na táirgí airgeadais sin de réir mar is iomchuí chun trédhearcacht iomlán a thabhairt ar feadh shaolré iomlán na dtáirgí airgeadais sin. Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis sin sonraithe go soiléir ag infheisteoirí deiridh, breithneoidh an Coimisiún leasú a dhéanamh ar na ceanglais maidir leis an gcomhairle airgeadais agus árachais a thugann dáileoirí.

(16) Chun muinín infheisteoirí a mhéadú, ba cheart do thríú páirtí neamhspleách comhlíontacht leis na critéir scagtha theicniúla a bhaineann le gníomhaíochtaí gáis iontaise a fhíorú. Chun fíorú neamhchlaonta dícheallach comhlíontachta a áirithiú, ba cheart go mbeadh na hacmhainní agus an saineolas ag an tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh, ba cheart go mbeadh sé neamhspleách chun aon coinbhleacht leasa leis an úinéir nó an cisteoir a sheachaint, agus níor cheart go mbeadh sé páirteach i bhforbairt nó oibriú gníomhaíochtaí gáis iontaise den sórt sin. I dteannta an tsásra fhíoraithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gnóthais airgeadais agus neamhairgeadais faoi réir ceanglais fhíoraithe shonracha dá bhforáiltear i reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe lena gcumhdaítear comhlíontacht leis na critéir scagtha theicniúla. I gcomhréir le hAirteagal 26(1), pointe (c), de Rialachán 2020/852, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha a cheanglaítear maidir le sásraí fíoraithe comhlíontachta a shocrú leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán sin.

(17) Tá forbairt thapa theicneolaíoch mar shaintréith de chuid na n-earnálacha gáis iontaise agus fuinnimh núicléach. Dá bhrí sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir scagtha theicniúla lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí giniúna fuinnimh sna hearnálacha sin go rialta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852. Thairis sin, bunaithe ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852, ba cheart don athbhreithniú sin oiriúnacht na dtréimhsí ama a leagtar síos sna critéir scagtha theicniúla a chuimsiú.

(18) Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún[19] a leasú dá réir sin. Leis na leasuithe ar Rialachán

[19] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le

Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178, ní éilítear aon infheistíochtaí, ach tá sé beartaithe go gcuideoidh siad le margaí airgeadais agus infheisteoirí, faoi réir coinníollacha dochta, gníomhaíochtaí gáis agus núicléacha ábhartha a aithint, ar gníomhaíochtaí iad atá ag teastáil maidir le haistriú chórais fuinnimh na mBallstát i dtreo na haeráidneodrachta i gcomhréir le spriocanna agus gealltanais aeráide an Aontais.

(19) Tá dlúthnasc idir na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe seo. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar cheart dóibh teacht i bhfeidhm an tráth céanna, is gá na forálacha sin a chur san áireamh i Rialachán aonair, d'fhonn léargas cuimsitheach a éascú ar an gcreat dlíthiúil do pháirtithe leasmhara agus chun cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/852 a éascú.

(20) Ní mór am leordhóthanach a thabhairt do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gcomhlíonann a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise agus fuinneamh núicléach na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar bhonn an mheasúnaithe sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178. Ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2023 dá bhrí sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 mar a leanas:

(1) cuirtear Airteagal 2a isteach mar a leanas:

*'Airteagal 2a*

**Athbhreithniú**

Le linn don Choimisiún an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852 a dhéanamh, déanfaidh sé athbhreithniú agus measúnú ar an gá atá ann na dátaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn 4.27, Roinn 4.28, Roinn 4.29, pointe 1(b), Roinn 4.30, pointe 1(b) agus Roinn 4.31, pointe 1(b) a leasú.

Aon athbhreithniú ar an dáta dá dtagraítear i bpointe (2) de Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 a ghabhann le hIarscríbhinn I, déanfaidh sé an dul chun cinn teicniúil maidir le tráchtálú breosla timpiste-fhulangach san Aontas agus ar fud an domhain a chur san áireamh.'

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(3) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear míreanna 6, 7 agus 8 mar a leanas isteach:

---

gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shonrú, agus lena sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

‘6. Déanfaidh gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais méid agus cion na nithe seo a leanas a nochtadh:

(a) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26, Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(b) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26, Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(c) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe a bhaineann le fuinneamh núicléach in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta.

7. Déanfaidh gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais méid agus cion na nithe seo a leanas a nochtadh:

(a) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29, Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(b) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29, Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(c) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe a bhaineann le gás iontaise in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta.

8. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 i láthair i bhformáid tábla trí leas a bhaint as na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.’

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn XII.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.3.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin*
*Mairead McGUINNESS*
*Comhalta den Choimisiún*